Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Deireadh Fómhair 2018**
**(OR. en)**

**10756/3/18**
**REV 3**

**JAI 728**
**FREMP 117**
**DROIPEN 100**
**COHOM 92**
**ANTIDISCRIM 14**
**ASILE 51**
**ASIM 93**
**COPEN 246**
**COSI 172**
**COTER 99**
**CT 126**
**DAPIX 227**
**DATAPROTECT 151**
**DIGIT 148**
**EDUC 287**
**EMCO 3**
**EMPL 378**
**GENDER 24**
**JEUN 86**
**JUSTCIV 183**
**MIGR 107**
**SOC 471**
**VISA 181**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10756/2/18 REV 2 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha in 2017 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo an togra comhréitigh ón Uachtaránacht de na dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm na cairte um chearta bunúsacha in 2017, lena gcuirtear san áireamh an rannchuidiú ó na toscaireachtaí. Scrúdóidh an Mheitheal um Chearta Bunúsacha, um Chearta na Saoránach agus um Shaorghluaiseacht Daoine (FREMP) na conclúidí sin ar an 19 Meán Fómhair 2018.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM NA CAIRTE UM CHEARTA BUNÚSACHA IN 2017

## I. RÉAMHRÁ

1. Dearbhaíonn an Chomhairle gur 'aontas luachanna' é an tAontas Eorpach, mar atá cumhdaithe in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, fothaithe ar urraim ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar urraim ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Tá urraim ar chearta bunúsacha fíorthábhachtach chun a áirithiú go mbeidh rath ar dhaoine san Aontas, go mbeidh siad in ann tairbhiú dá gcearta agus saoirsí agus maireachtáil gan idirdhealú. Ba cheart don Aontas agus na Ballstáit an Chairt a urramú i ngach gníomh a dhéanann siad i réimsí beartais uile an Aontais agus dlí an Aontais á chur chun feidhme acu.

2. Sa chomhthéacs sin, tá tuairim na Comhairle fabhrach i dtaca le tuarascáil 2017 ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[1] (dá ngairfear an Chairt anseo feasta) chomh maith le Tuarascáil 2018 ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha[2] (dá ngairfear an Ghníomhaireacht anseo feasta).

---

1 9542/18
2 9557/18

3. Meabhraíonn an Chomhairle, de bhun Airteagal 51 den Chairt, go ndírítear forálacha na Cairte chuig institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais agus ar na Ballstáit, agus aird chuí á tabhairt do phrionsabal na coimhdeachta, nuair a bhíonn dlí an Aontais á chur chun feidhme acu. Iarrann an Chomhairle ar na gníomhaithe sin uile úsáid na Cairte ar leibhéil éagsúla a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit feasacht a mhéadú i dtaobh chearta na Cairte, lena n-áirítear an cásdlí ábhartha ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE), go háirithe i measc shaoránaigh na hEorpa, i measc an phobail trí chéile, agus i measc fhoirne na n-údarás náisiúnta, agus áirithiú go ndéanfar modúil spriocdhírithe oiliúna a thairiscint do ghairmithe náisiúnta dlí lena n-áirítear breithiúna.

4. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle na comhdhálacha cairt-bhunaithe arna n-eagrú ag Uachtaránachtaí na Comhairle agus tá sí ag tnúth leis an gcomhdháil dar teideal "Saol náisiúnta Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Bealaí chun cur le feasacht, oiliúint bhreithiúnach agus cur chur chun feidhme" a bheidh ar siúl ar an 23 agus 24 Deireadh Fómhair 2018. Déanfar plé ag an gcomhdháil faoi uirlisí éagsúla chun cearta na Cairte a chun feidhme ar bhealach níos fearr agus chun feabhas a chur ar fheasacht fúithi. Ag an gcomhdháil, beidh deis ag an ngníomhaireacht an lámhleabhar a thiocfaidh uaithi go luath a chur i láthair, rud a chuirfidh treoir ar fáil maidir le hinfheidhmeacht na Cairte.

5. Tá an Chomhairle ag tnúth le comóradh 10 bliain atá ar na bacáin in 2019 den Chairt a bheith ceangailteach ó thaobh dlí de le teacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin. Deis a bheidh ann machnamh a dhéanamh ar an taithí a fuarthas go dtí seo agus ar bhealaí eile chun a áirithiú go mbainfear lán a hacmhainneachta aisti.

6. Leagann an Chomhairle béim ar an ról a ghlacann CBAE maidir leis an gCairt a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm san Aontas Eorpach, agus treoir bhreise a thabhairt, trína cásdlí, do bhreithiúna agus cúirteanna náisiúnta maidir le cur i bhfeidhm na Cairte. Cuidíonn sí an Chairt a thabhairt níos gaire don ghnáthdhuine.

7. Aithníonn an Chomhairle an ról ríthábhachtach a ghlacann an Ghníomhaireacht, mar a leagtar amach ina rialachán bunaidh, maidir le sonraí ábhartha oibiachtúla iontaofa inchomparáide a bhailiú agus a scaipeadh agus cúnamh agus saineolas atá bunaithe ar fhianaise a sholáthar i dtaca le saincheisteanna na gceart bunúsach ar an láthair, lena gcothaítear cultúr na gceart bunúsach ar fud an Aontais. Cuireadh an méid sin i bhfios go soiléir freisin sa dara meastóireacht sheachtrach neamhspleách ón nGníomhaireacht, meastóireacht ar fhear Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta fáilte roimpi i mí na Nollag 2017 agus a cuireadh i láthair na Comhairle ina dhiaidh sin. Breithneoidh an Chomhairle aon togra le haghaidh athbhreithniú ar rialachán bunaidh na Gníomhaireachta a chinnfidh an Coimisiún a chur faoina bráid, ag cur san áireamh di meastóireacht sheachtrach na Gníomhaireachta a rinneadh in 2017 agus na moltaí a rinne Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta bunaithe ar an meastóireacht sin.

8. Is díol sásaimh don Chomhairle an dea-chomhar, faoi chuimsiú inniúlacht an Aontais, le heagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe le Comhairle na hEorpa agus lena sainchomhlachtaí amhail Coimisiún na Veinéise.

## II. URRAIM DON DAONLATHAS AGUS DON SMACHT REACHTA MAR RÉAMHRIACHTANAS CHUN TAIRBHÚ GO hIOMLÁN DE CHEARTA BUNÚSACHA

9. Is luach lárnach comhchoiteann den Aontas agus dá Bhallstáit uile an daonlathas. Tá an Chomhairle ag tnúth le Collóciam 2018 an Choimisiúin maidir le Cearta Bunúsacha ar an ábhar tábhachtach "Daonlathas san Aontas Eorpach". Beidh deis **thráthúil** ag an gcollóciam chun plé a dhéanamh ar an leibhéal polaitiúil agus saineolach is airde ar conas is féidir rannpháirtíocht dhaonlathach a athnuachan san Aontas agus sa tsochaí Eorpach agus bealaí a shainaithint lena bhféadfaí daonlathas saor cuimsitheach oscailte a chothú san Aontas.

10. I bhfianaise na dtoghchán Eorpach a bheidh ar siúl i mí na Bealtaine 2019, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé gníomh a dhéanamh chun tacú leis an ráta vótála agus rannpháirtíocht dhaonlathach agus ag an am céanna leagann sí béim ar fhadhb na hollbhréagfhaisnéise digití atá ag dul in olcas. Is díol sásaimh don Chomhairle na bearta arna ndéanamh ag an gCoimisiún sa chomhthéacs sin, lena n-áirítear sa Teachtaireacht uaidh dar teideal 'Dul i ngleic leis an mbréagaisnéis', lena ndírítear ar chur chuige comhsheasmhach a chur chun cinn i measc na mBallstát i dtaca leis an bhfadhb chasta seo, agus tá sí ag tnúth le torthaí chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí atá beartaithe a fheiceáil. Ina theannta sin, aithníonn an Chomhairle an obair atá idir lámha ag Ballstáit aonair agus ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí sa réimse sin, agus cuireann sí i bhfios go bhféadfaidh an obair sin cur le tacaíocht do chomhpháirtithe idirnáisiúnta chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin ar fud an domhain.

11. Faoi chuimsiú an dlí idirnáisiúnta, dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta, cuireann an Chomhairle ról ríthábhachtach na sochaí sibhialta bríomhaire i dtreis maidir le cearta bunúsacha **agus cearta an duine** a chur chun cinn agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le feidhmiú an daonlathais. Meabhraíonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le deireadh a chur le haon srianta ar spás na sochaí sibhialta nach mbeadh gá leo, a bheadh mídhleathach nó treallach agus a thábhachtaí atá sé staonadh ó shrianta den chineál sin, go háirithe i dtaca le saoirse comhlachais, saoirse comhthionóil shíochánta agus saoirse cainte.

12. Meabhraíonn an Chomhairle go bhfuil an smacht reachta ar cheann de luachanna bunúsacha an Aontais agus gur réamhriachtanas é d'urrraim do chearta bunúsacha.

13. Meabhraíonn an Chomhairle go bhfuil an Chomhairle agus na Ballstáit, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, tiomanta don idirphlé i measc Bhallstáit uile na Comhairle chun an smacht reachta a chur chun cinn agus a chosaint faoi chuimsiú na gConarthaí agus tá sí ag tnúth leis an meastóireacht ar an idirphlé maidir leis an smacht reachta sa Chomhairle roimh dheireadh na bliana 2019.

14. Leagann an Chomhairle béim ar an tábhacht a bhaineann le muinín in institiúidí poiblí agus is díol sásaimh di go ndéanfadh cíoradh ar an ábhar sin san idirphlé bliantúil maidir leis an smacht reachta sa Chomhairle. Léirigh an seimineár a d'eagraigh an Uachtaránacht ar an 11 Iúil 2018 gur réamhriachtanas é an mhuinín chun go bhfeidhmeoidh craobhacha reachtacha, feidhmeannacha agus **breithiúnacha an Stáit** go cuí agus pléadh bearta éagsúla a d'fhéadfadh cuidiú le muinín a neartú nó a athchothú, lena n-áirítear feabhas ar oscailteacht agus ar thrédhearcacht. Tá an Chomhairle ag tnúth leis an díospóireacht a bheidh ag na hAirí ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta.

## III. CUR LE CULTÚR NA GCEART BUNÚSACH SAN AONTAS EORPACH

15. Is díol sásaimh don Chomhairle an obair atá ar bun ag an gCoimisiún maidir le cearta bunúsacha san Aontas a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear an Collóiciam bliantúil maidir le Cearta Bunúsacha a eagrú.

16. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé comhtháthú agus comhsheasmhacht níos fearr a chothú idir beartais inmheánacha maidir le cearta bunúsacha agus beartais sheachtracha maidir le cearta an duine.

17. Tá an Chomhairle meáite i gcónaí ar aontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR), rud a dhéanfaidh luachanna coiteanna an Aontais a atreisiú, éifeachtacht dhlí an Aontais a fheabhsú agus feabhas a chur ar chomhtháthú chosaint na gceart bunúsach san Eoraip. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún bailchríoch a chur ar a anailís ar na saincheisteanna dlí gan mhoill, a ardaíodh le Tuairim 2/13 CBAE, ionas go bhféadfaidh an Chomhairle a marana a dhéanamh orthu.

18. Agus 70 bliain de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine á chomóradh in 2018, athdhearbhaíonn an tAontas an ról atá aige tagarmharc domhanda a shocrú maidir le cosaint agus cur chun cinn uilíoch chearta an duine agus cur le cultúr na gceart bunúsach.

**Tairbhiú iomlán de chearta an duine ag mná agus cailíní**

19. Is díol sásaimh don Chomhairle Collóciam 2017 an Choimisiúin maidir le Cearta Bunúsacha ar chur chun cinn chearta na mban agus an chomhionannais inscne inar díríodh ar chumhachtú eacnamaíoch, polaitiúil agus sóisialta na mban, ar chearta na mban i ngach réimse poiblí agus príobháideach den saol agus ar an gcomhrac i gcoinne an fhoréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní, faoina iomad gné.

20. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle obair na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne (EIGE), go háirithe Innéacs 2017 um Chomhionannas Inscne uaithi lena ndéantar comhionannas idir mná agus fir san Aontas Eorpach in 2005-2015 a thomhas, mar bheart cuimsitheach chun tacú le ceapadh beartais níos stuama agus chun feasacht a mhéadú maidir le saincheisteanna comhionannais inscne ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

21. Cuireann an Chomhairle i dtreis a riachtanaí atá sé **tairbhiú iomlán de** chearta **an duine** ag mná **agus cailíní** a chur chun cinn agus a chosaint agus cosaint na mban agus na gcailíní i gcoinne an fhoréigin i ngach réimse a neartú.

22. Meabhraíonn an Chomhairle a cinntí maidir le síniú[3] an Choinbhinsiúin chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) ag an Aontas, agus gur chuir sí in iúl sna cinntí sin go raibh sé ar intinn aici leanúint ar aghaidh agus an Coinbhinsiún a thabhairt i gcrích, agus iarrann sí ar an gCoimisiún a anailís a chur i láthair ar na hoibleagáidí a thabhóidh an tAontas air féin leis an gcoinbhinsiún i leith a chuid institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí chomh maith leis an bhfoireann atá aige. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit sin nach bhfuil Coinbhinsiún Iostanbúl daingnithe fós acu é a dhaingniú a thúisce is féidir.

[3] Cinneadh (AE) 2017/865 ón gComhairle agus Cinneadh (AE) 2017/866 ón gComhairle an 11 Bealtaine 2017, IO L L 131/11, 20.5.2017

**Dul i ngleic leis an gciníochas agus leis an tseineafóibe**

23. Taispeánann torthaí an dara heagrán de shuirbhé an Aontais Eorpaigh ar mhionlaigh agus ar an idirdhealú (EU-MIDIS)[4] agus na torthaí ó eagraíochtaí ábhartha eile, go bhfuil ann do threochtaí is údar imní i gcás cineálacha éagsúla fuatha agus éadulaingthe, lena n-áirítear idirdhealú forleathan, ciapadh agus próifíliú idirdhealaitheacha.

24. Is díol sásaimh don Chomhairle an obair atá á déanamh ag Grúpa Ardleibhéil an Aontais chun an ciníochas, an tseineafóibe agus cineálacha eile éadulaingthe a chomhrac, obair a chothaigh idirphlé, comhar, malartú dea-chleachtais agus tiomsú treorach i roinnt réimsí tábhachtacha. Is taca í an obair sin do na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an Aontas agus ag na Ballstáit d'fhonn cur chun feidhme éifeachtach na rialacha ábhartha a chinntiú agus d'fhonn beartais éifeachtacha a bhunú chun an choireacht fuatha agus […] **<u>an gríosú chun fuatha agus chun an fhoréigin</u>** a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear an fhuathchaint neamhdhleathach ar líne.

25. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit cur leis an obair seo d'fhonn dul chun cinn nithiúil maidir leis an gciníochas agus leis an tseineafóibe a bhaint amach ar a gcríocha féin, agus leas á bhaint acu as na deiseanna atá ann tacaíocht agus cúnamh oibríochtúil a fháil ón Aontas agus ó chomhlachtaí idirnáisiúnta chun gur fearr a bheidh siad in ann bearnaí a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

26. Iarrann an Chomhairle freisin ar na Ballstáit iarrachtaí breise a dhéanamh chun feabhas a chur ar thaifeadadh na coireachta fuatha agus chun sonraí iontaofa maidir leis an gcoireacht fuatha a bhailiú go córasach agus iad a fhoilsiú ar bhonn rialta chun cur ar chumas údarás náisiúnta freagairtí beartais agus dlí ar na feiniméin sin a fhorbairt, arbh fhreagairtí éifeachtacha iad sin a bheadh bunaithe ar fhianaise. Áitítear ar na Ballstáit freisin a áirithiú go gcuirfí toirmeasc ar na foirmeacha éagsúla coireachta fuatha faoina ndlí náisiúnta agus go ndéanfaí bearta chun cásanna coireachta fuatha agus cásanna […] **<u>gríosaithe fuatha agus foréigin</u>** a chosc agus chomhrac, go háirithe trí na cásanna sin a imscrúdú go héifeachtach, a ionchúiseamh agus a thabhairt os comhair na cúirte, ionas nach mbeadh gníomhartha coiriúla saor ó phionós.

[4] http://fra.europa.eu/en/project/2015/eu-midis-ii-european-union-minorities-and-discrimination-survey

27. Agus béim á leagan aici ar a ríthábhachtaí atá an tsaoirse chun tuairim a nochtadh, is díol sásaimh don Chomhairle freisin an t-idirphlé deonach a rinneadh faoin gcód iompair maidir leis an fhuathchaint neamhdhleathach ar líne a chomhrac agus torthaí dearfacha fhaireachán 2017, a léiríonn gur bhain ardáin TF thart ar 70 % den ábhar a cuireadh in iúl dóibh i gcomparáid le 28 % den ábhar sin san fhaireachán roimhe sin. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil tionscalchaighdeán á dhéanamh den chód iompair, agus go bhfuil aird na n-ardán beag á mhealladh ag an gcód sin freisin.

**An neamh-idirdhealú a chur chun cinn**

28. Is díol sásaimh don Chomhairle an feabhas ar bhailiú agus úsáid iomchuí na sonraí comhionannais atá á chur ag Grúpa agus Foghrúpa Ardleibhéil Saineolaithe an Aontais maidir le neamh-idirdhealú, éagsúlacht agus comhionannas, agus tacaíonn sí leis an bhfeabhas sin. Iarrann sí ar na Ballstáit páirt a ghlacadh san fhoghrúpa sin agus leanúint de bheith ag cur feabhais ar cháilíocht agus ar úsáid na sonraí comhionannais ina mbeartais. I ndáil leis an méid sin, tá an Chomhairle ag tnúth leis na treoirlínte nua maidir le feabhas a chur ar bhailiú agus ar úsáid na sonraí chomhionannais.

29. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an plé leanúnach maidir le caighdeáin do na comhlachtaí comhionannais agus tugann sí dá haire go dearfach an moladh ón gCoimisiún[5] lena dtugtar comhairle do na Ballstáit maidir le bearta a d'fhéadfaidís a dhéanamh chun cur le héifeachtacht agus le neamhspleáchas na gcomhlachtaí comhionannais.

30. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá gníomhaíocht a dhéanamh, i ngach Ballstát, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais chun an éadulaingt, an t-idirdhealú agus […] **<u>an gríosú chun fuatha agus chun foréigin</u>** (lena n-áirítear i gcoinne grúpaí reiligiúnacha) a chomhrac.[6]

[5] Moladh ón gCoimisiún 2018/951 an 22 Meitheamh 2018, OI L 167/ 28 an 4 Iúil 2018
[6] **<u>Ba é a mhol toscaireacht amháin go gcuirfí isteach na focail "go háirithe Críostaithe agus Giúdaigh"</u>**

**Imeascadh na Romach**

31. Is díol sásaimh don Chomhairle an plé a rinneadh maidir leis an athbhreithniú meántéarma ar chreat an Aontais do straitéisí maidir le himeascadh na Romach go dtí 2020. Tá na chéad comharthaí le feiceáil go bhfuil ag éirí leis, go háirithe leis an straitéis chun a chinntiú go gcríochnaíonn gach páiste cúrsa oideachais éigeantaigh lánaimseartha agus leis an straitéis chun oideachas na luath-óige a chur chun cinn. Tá bacainní (san oideachas agus sa tithíocht) fós, áfach, a chuireann isteach ar na hiarrachtaí atáthar a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh tuilleadh deiseanna fostaíochta ann de thoradh na dtionscnamh sin. Áitíonn an Chomhairle ar na Ballstáit leanúint leis na hiarrachtaí an ciníochas agus an […] **<u>gríosú chun fuatha agus chun foréigin</u>** i gcoinne na Romach a chomhrac agus feabhas a chur ar imeascadh sóisialta agus eacnamaíoch na Romach, agus é sin a dhéanamh freisin i bhfianaise na moltaí tír-shonracha sa Seimeastar Eorpach.

**<u>Cearta daoine faoi mhíchumas</u>**

32. **<u>Dearbhaíonn an Chomhairle a gealltanas maidir le daoine faoi mhíchumas go ndéanfaidh sí na cearta bunúsacha uile a chur chun cinn, a chosaint agus a áirithiú dóibh ionas go mbeidh siad in ann leas iomlán a bhaint as na cearta sin. Áitíonn an Chomhairle ar na Ballstáit féachaint le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a chur chun feidhme agus leis an gcomhionannas agus an neamh-idirdhealú a chur chun cinn i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún sin agus le Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020.</u>**

**Cearta an linbh**

33. Geallann an Chomhairle go **<u>gcuirfidh sí chun cinn</u>** […] go bhfuil sé de cheart ag gach leanbh lánacmhainneacht a bhaint amach i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh […] agus leis an méid a leagtar amach in Airteagal 24 sa Chairt.

34. Is díol sásaimh don Chomhairle gur ghlac airí gnóthaí eachtracha an Aontais treoirlínte athbhreithnithe an Aontais maidir le cearta an linbh a chur chun cinn agus a chosaint dár teideal *Leave no child behind* [Ná fágtar aon leanbh ar lár] (2017). Sna treoirlínte sin leagtar amach straitéis uileghabhálach an Aontais neart a chur leis na hiarrachtaí chun a áirithiú go rachaidh beartais agus gníomhaíochtaí an Aontais i bhfeidhm ar gach leanbh agus go háirithe ar na leanaí is imeallaithe **<u>agus is leochailí</u>**.

**Páistí imirceacha a chosaint**

35. Is leochailí amuigh páistí imirceacha, go háirithe mionaoisigh gan tionlacan, agus bíonn contúirt i gcónaí rompu - an foréigean, an mhí-úsáid, an dúshaothrú, an mhí-úsáid ghnéasach agus an gháinneáil. I ndáil leis sin, meabhraíonn an Chomhairle na conclúidí a ghlac sí ar an 8 Meitheamh 2017 maidir le himircigh ar leanaí iad i ndiaidh don Choimisiún teachtaireacht an 12 Aibreán a eisiúint maidir leis an tsaincheist sin[7].

36. Is díol sásaimh don Chomhairle gur bunaíodh an líonra Eorpach um chaomhnóireacht d'fhonn comhar idir na húdaráis ábhartha náisiúnta agus malartú dea-chleachtais a éascú.

---

[7] Conclúidí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát an 8 Meitheamh 2017 maidir le himircigh ar leanaí iad a chosaint agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa an 12 Aibreán 2017 maidir le himircigh ar leanaí iad a chosaint, COM (2017) 211 final

**Comhionannas LGBTI**[8]

37. Tugann an Chomhairle dá haire gur minic ar fud an Aontais a bhíonn daoine LGBTI ag fulaingt mar gheall ar an idirdhealú, ar an bhforéigean fisiciúil agus ar an […] **ngríosú chun fuatha agus chun foréigin**. Dá bhrí sin, meabhraíonn an Chomhairle na conclúidí uaithi maidir le comhionannas LGBTI ón mbliain 2016[9] agus deimhníonn sí gur díol spéise di Tuarascáil Bhliantúil 2017 maidir leis an liosta gníomhaíochtaí ón gCoimisiún d'fhonn comhionannas LGBTI a chur chun cinn, ar tuarascáil í sin a tíolacadh ar an 1 Márta 2018, Lá an Neamh-Idirdhealaithe.[10]

38. Tugann an Chomhairle dá haire go dearfach na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an nGníomhaireacht in 2018 chun an dara suirbhé maidir le LGBTI[11] a dhéanfar ar fud an Aontais a ullmhú, rud a chuirfidh leis an **mbunachar** sonraí […] agus a chuideoidh, ar an gcaoi sin, le hinstitiúidí an Aontais agus leis na Ballstáit, dlí an Aontais á chur chun feidhme d'fhonn cearta bunúsacha daoine LGBTI a chosaint. Is fada leis an gComhairle foilsiú na suirbhéanna ar an ábhar sin a dhéanfaidh an Ghníomhaireacht amach anseo ionas gur féidir aon treochtaí iontu a shainaithint.

**Cur chuige cearta-bhunaithe maidir leis an aosú**

39. Aithníonn an Chomhairle na saincheisteanna a thagann chun cinn ar fud na hEorpa de bhrí go bhfuil an daonra ag dul in aois agus athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá sé a áirithiú go leanfar de bheith ag urramú chearta bunúsacha na ndaoine ar feadh a saoil agus go ndéanfar na riachtanais ar leith atá ag daoine scothaosta a aithint agus a urramú. Is díol sásaimh don Chomhairle an obair atá á déanamh ag na Ballstáit sa réimse seo.

---

8 **Scriosadh molta ag toscaireacht amháin**
9 Arna ghlacadh an 16 Meitheamh 2016 (http://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2016/06/16/epsco-conclusions-lgbti-equality/)
10 https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/2017annualreportonlgbtilistofactions.pdf
11 http://fra.europa.eu/en/project/2018/eu-lgbti-survey-ii

40. Is díol sásaimh don Chomhairle dícheall na Gníomhaireachta agus tuarascáil um chearta bunúsacha á cur i dtoll a chéile aici in 2018 ina ndéanfar anailís chearta-bhunaithe ar fheiniméan an aosaithe agus tugann sí dá haire tuairim na Gníomhaireachta gur cheart d'institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit breathnú ar úsáid a bhaint as cistí struchtúracha agus infheistíochta na hEorpa chun an cur chuige sin maidir leis an aosú a chur chun cinn.

**Forógra maidir le Colún na gCeart Sóisialta**

41. Cuireann an Chomhairle i dtreis go léirítear leis an bhforógra, a rinne ceannairí an Aontais ar an 17 Samhain 2017 maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, tiomantas polaitiúil láidir institiúidí an Aontais agus na mBallstát don obair lena gcruthófar Eoraip níos sóisialta agus níos cuimsithí.

42. Is gealltanas polaitiúil comhroinnte Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, a thugann an tAontas agus na Ballstáit de fhreagracht orthu féin a chur i gcrích.

**Cosaint sonraí agus an saol digiteach**

43. Is díol sásaimh don Chomhairle gur tháinig i bhfeidhm i mí Bealtaine 2018 an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus an Treoir maidir le cosaint sonraí pearsanta i réimse fhorfheidhmiú an dlí. Leis na creataí reachtacha sin, neartaítear cearta bunúsacha na saoránach i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus le saorghluaiseacht na sonraí sin sa ré dhigiteach, mar a chumhdaítear in Airteagal 8 den Chairt, agus is leo ag an am céanna a éascaítear gnó sa mhargadh aonair digiteach.

44. Aithníonn an Chomhairle go mbeidh ag an saol digiteach tionchar leanúnach ar shaol na saoránach agus ar a gcearta, saol inar minice a úsáidfear algartaim, blocshlabhra, intleacht shaorga agus teicneolaíochtaí nua eile. Cé gur fearr, de thairbhe réitigh dhigiteacha agus teicneolaíochtaí nua, a bheifear in ann cearta bunúsacha a áirithiú, amhail rochtain ar an gceartas, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus an tsaoirse chun faisnéis a fháil, is tábhachtach a chur san áireamh freisin go bhféadfadh sé go mbeadh riosca ann, lena n-áirítear rioscaí i ndáil le cosaint sonraí, príobháideachas, le comhionannas agus le dínit an duine.

45. Sa chomhthéacs sin, aithníonn an Chomhairle gur gá neart a chur leis an muinín sna teicneolaíochtaí nua, amhail intleacht shaorga, agus is fada léi na treoirlínte atá le forbairt sa réimse seo, ach aird chuí á tabhairt don Chairt.